



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Sraith Shóisearach 2022

Scéim Marcála

Oideachas Reiligiúnach

Comhleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh. Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim marcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir. I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Réamhrá Ginearálta

In aon bhliain faoi leith, is éard atá sna torthaí foghlama le measúnú san Oideachas Reiligiúnach ag Comhleibhéal na Sraithe Sóisearaí ná sampla de na torthaí ábhartha ó na trí tábla de thorthaí foghlama leagtha amach sa tsonraíocht d'Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí arna eisiúint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2018. Cé gur féidir le daltaí leas a bhaint as a dtaithe féin sa scrúdú, ní dhéantar a dtiomantas pearsanta creidimh agus/nó a gceangal le grúpa reiligiúnach ar leith a mheas.

Ní mór d'iarrthóirí gach ceist a fhreagairt.
Tá spás i gcomhair obair bhreise ag deireadh roinn A sa leabhrán.

Ceist 1

14 mharc

Léigh an cuntas thíos faoi shearmanas pósta lánúine agus freagair an cheist ina dhiaidh.

...

Ón léamh a rinne tú ar an gcuntas thuas, agus tagairt á déanamh do rud amháin sa bhosca thíos, mínigh cad is brí le rud nó gníomh amháin a d'úsáid an lánúin seo ina searmanas:

Bláthanna Lámha a Cheangal Fáinní Cumasc Gainimh Filleadh Beag Breacáin Gúna Bán

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar thábhacht deasghnátha trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis ar bhain an lánúin úsáid as réad nó gníomh amháin ina searmanas bainise, agus plé á dhéanamh ar ní luaite sa cheist m.sh.

- Lámha a Cheangal - nuair a chuirtear snaidhm éiríonn sí níos láidre má chuirtear faoi theannas í agus seasann sé seo do chaidreamh na lánúine ag éirí níos láidre srl.
- Fáinní – ós rud é nach bhfuil deireadh ag fáinne seasann sé seo do ghrá na lánúine dá chéile atá gan deireadh srl.
- Srl.


Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar an bhfáth ar bhain an lánúin úsáid as rud nó gníomh amháin ina searmanas pósta</i>	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	–	AN-LAG
	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	beagán fianaise ar MC	fiorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – cuntas cruinn tugtha ar chúis</i>	Cuntas sármhaith ar an gcúis	cuntas an-mhaith ar an gcúis	Cuntas maith ar an gcúis	Cuntas áirithe ar an gcúis	Is beag cuntas a thugtar ar an gcúis	is fiorbheag cuntas a thugtar ar an gcúis	Is fiorbheag cuntas a thugtar/ ní thugtar cuntas ar bith ar an gcúis
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fiorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
14 mharc	14 -	- 12 -	- 10 -	- 7 -	6 – 4	– 3 –	2 - 0

Ceist 2

10 + 16 mharc

(a) *Bíonn bealaí difriúla ag daoine le himeachtaí a chomóradh óna stair phearsanta ...*



Samhlaigh go bhfuil tú ag cuidiú le cara chun imeacht atá tábhachtach dó/di ón am atá thart a chomóradh.

Luaigh deasghnáth nó siombail amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun imeacht ó stair phearsanta duine a chomóradh agus mínigh an bhrí a bhaineann leis.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar thábhacht deasghnátha i saol daoine trí dheasghnáth nó siombail amháin a shainaithint go beacht i ráiteas gonta agus cuntas cruinn a thabhairt ar an bhfáth ar féidir é a úsáid chun imeacht ón stair phearsanta duine a chomóradh m.sh.

- Deasghnáth – lá breithe sona duit a chanadh chun comóradh a dhéanamh ar éirí bliain amháin eile níos sine srl.
- Siombail – d'fhéadfadh grianghraf de dhuine muinteartha cabhrú le duine cuimhneamh ar an duine a raibh sé/sí mór leis/leí agus atá imithe ar shlí na fírinne.
- Srl.

Cód MCx2 san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar Sainaithin + nó an fáth gur féidir deasghnáth nó siombail amháin a úsáid chun imeacht i saol duine san am atá thart a chomóradh</i>	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	–	AN-LAG
	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	Beagán fianaise ar MC	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint teoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – sainaithin + cuntas ar chúis</i>	Cuntas sármhaith ar an gcúis	cuntas an-mhaith ar an gcúis	Cuntas maith ar an gcúis	Cuntas áirithe ar an gcúis	Is beag cuntas a thugtar ar an gcúis	is fíorbheag cuntas a thugtar ar an gcúis	Is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas ar bith ar an gcúis
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
10 marc +	10 - 9	8 - 7	6	5 - 4	3	2	1 - 0
16 mharc	16 - 14	13 - 12	11 - 9	8 - 7	6 - 4	3 - 2	1 - 0

(b) Tabhair cúis amháin a n-úsáideann daoine deasghnátha nó siombailí chun imeachtaí saoil san am atá thart a chomóradh.


Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le deasghnátha nó siombailí trí chuntas cruinn a thabhairt ar cén fáth go mbaineann daoine leas as deasghnátha nó siombailí chun imeachtaí ina saoil roimhe seo a chomóradh m.sh.

- chun imeachtaí óna stair phearsanta a chur in iúl nó a léiriú i slí atá níos doimhne agus níos fiúntaí ná cur síos a dhéanamh orthu le focail amháin srl.
- Srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar cén fáth go n-úsáideann daoine deasghnátha nó siombailí chun imeachtaí óna stair phearsanta a chomóradh.</i>	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	–	AN-LAG
	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	beagán fianaise ar MC	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) cuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin</i>	Cuntas sármhaith a thabhairt ar chúis amháin	Cuntas an-mhaith a thabhairt ar chúis	Cuntas maith ar chúis amháin	Cuntas áirithe ar chúis amháin	Is beag cuntas a thugtar ar chúis	is fíorbheag cuntas a thugtar ar chúis amháin	Is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas ar bith ar chúis
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
18 marc	18 - 16	15 - 13	12 - 10	9 - 8	7 - 5	4 - 2	1 - 0



Meaitseáil ceann amháin de na háiteanna sna pictiúir thuas le scéal bunaidh reiligiúin amháin ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas ar mhór-reiligiún domhanda trí áit amháin liostáilte sa cheist a nascadh le scéal bunaidh an reiligiúin lena shamhlaítear é thar aon reiligiún eile –

- A Bodh Gaya – An Búdachas
- B Canán – An Giúdachas
- C Gleann na hIondúise – An Hiondúchas
- D Iarúsailéim – An Chríostaíocht
- E Meice – Ioslam


Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

Nóta: Ceadaiigh tagairt an iarrthóra do litir agus/nó d'ainm áite

Ceist 4

10 marc

(a)



Meitseáil duine nó g e thuas leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal acu leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas ar mhór-reiligiún domhanda trí dhuine amháin nó grúpa daoine liostáilte sa cheist a nascadh leis an reiligiún lena shamhlaítear iad thar aon reiligiún eile –

- A Abraham – An Giúdachas
- B Íosa Nazórach – An Chríostaíocht
- C Mahamad – an tIoslam
- D Siddhartha Gautama – An Búdachas
- E Na Seacht Rishi – An Hiondúchas

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

Nóta: Ceadaigh tagairt an iarrthóra do litir nó d'ainm duine/grúpa daoine

(b) Tabhair breac-chuntas ar an tslí ar ghlac duine nó grúpa daoine ról i scéal bunaidh ceann amháin de na reiligiúin seo:

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● An tIoslam ● An Giúdachas

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi scéal ar conas mar a bunaíodh mór-reiligiún domhanda trí eolas cruinn a leagan amach faoin ról a bhí ag duine nó grúpa daoine sa scéal faoi conas mar a bunaíodh ceann de na reiligiúin a liostaítear sa cheist m.sh.

- Abraham – bhunaigh sé an Giúdachas mar reiligiún aondiach srl.
- Íosa Nazórach - a shaol, a theagasc, a bhás agus a aiséirí srl.
- Mahamad – fuair sé foilsíú ó Allah srl.
- Siddhartha Gautama – mhúin sé do dhaoine conas léargas spioradálta a bhaint amach srl.
- Na Seacht Rishi – cruthaithe ag Brahman chun treoir a thabhairt don chine daonna srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar bhealach inar ghlac duine nó grúpa daoine ról i scéal faoi conas mar a bunaíodh reiligiún áirithe</i>	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH Fianaise an-mhaith	MAITH fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	Baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – eolas cruinn a leagadh amach</i>	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is fíorbheag eolas a leagadh amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach /ní leagtar eolas amach
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil / earráidí substaintiúla ann
20 marc	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 2	1 - 0

Déan cur síos ar shampla den tslí a ndéanann daoine creidmheacha an lae inniu imeacht a chomóradh as scéal bunaidh ceann amháin de na reiligiúin seo:

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● An tIoslam ● An Giúdachas

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar dheasghnátha reiligiúnacha trí chuntas cruinn a thabhairt ar bhealach a thugann daoine deabhóideacha sa lá atá inniu ann chun cuimhne scéal faoi conas mar a bunaíodh ceann de na reiligiúin atá liostáilte sa cheist m.sh.

- An Búdachas – nuair a fholctar an Búda ag Vesak tugann sé seo saol agus léargas spioradálta an Bhúda chun cuimhne srl.
- An Chríostaíocht –déanann mórshiúlta na Cásca bás agus aiséirí Chríost a chomóradh srl.
- Hiondúchas – trí phéint ildaite a chaitheamh le linn Holi, meabhraíonn Hiondúigh ar an scéal faoin am ar chaith Krishna uisce daite ar dhaoine srl.
- An tIoslam – nuair a itear feoil íobartach le linn Eid-ul-Adha, tugann sé seo chun cuimhne conas mar a ghéill Abraham d’Allah nuair a d’iarr sé air a mhac a íobairt srl.
- An Giúdachas – meabhraíonn na Giúdaigh scéal an Imeachta le linn Béile Cháisc na nGiúdach a chaitheamh srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar bhealach amháin ina meabhraíonn daoine deabhóideacha sa lá atá inniu ann scéal faoi conas mar a bunaíodh reiligiún amháin</i>	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH fianaise an-mhaith	MAITH fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna)– cuntas cruinn a thabhairt</i>	Cuntas sármhaith ar	Cuntas an-mhaith ar	cuntas maith ar	Cuntas éigin ar	is beag cuntas a thugtar	is fíorbheag cuntas a thugtar ar	fhíorbheagnán/ ní thugtar aon chuntas
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
22 marc	22 - 18	17 - 15	14 - 12	11 - 8	7 - 5	4 - 3	2 - 0

Ní mór d'iarrthóirí gach ceist a fhreagairt.

Tá spás i gcomhair obair bhreise ag deireadh roinn B sa leabhrán.

Ceist 6

15 mharc

(a) Cad a tharlaíonn dúinn tar éis bás a fháil? Cad chuige ar saolaíodh sinn?

Conas is féidir linn fíorshonas a bhaint amach? Cén fáth a dtarlaíonn drochrudaí do dhaoine?

Rianaigh conas a d'fhéadfadh teagasc ceann de na reiligiúin seo tionchar a imirt ar fhreagra creidmhigh ar cheist faoi bhrí na beatha: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar fhreagraí reiligiúnacha ar cheisteanna faoi bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt maidir le conas a d'fhéadfadh teagasc ceann de na reiligiúin atá liostáilte sa cheist dul i bhfeidhm ar fhreagra creidmhigh ar cheist ar bith faoi bhrí na beatha m.sh.

- An Búdachas – d'fhéadfadh teagasc Búdachais faoi cheangal le sealúchais ábhartha a sheachaint dul i bhfeidhm ar chuardach an chreidmhigh le haghaidh sonas sa saol srl.
- An Chríostaíocht – d'fhéadfadh teagasc Íosa faoi ghrá a bheith agat do do chomharsa dul i bhfeidhm ar pé freagra a thugtar ar cheisteanna faoin gcaoi ar chóir do dhaoine maireachtáil srl.
- An Hiondúchas – d'fhéadfadh an teagasc Hiondúch faoi fháinne fí an bháis agus athbhreithe srl dul i bhfeidhm ar aon fhreagra a thugtar ar cheisteanna faoi cad atá i ndán do dhaoine nuair a fhaigheann siad bás.
- Ioslam – d'fhéadfadh an freagra ar cheisteanna faoi cad chuige ar saolaíodh sinn teacht faoi thionchar an chreidimhgo gcloíonn gach ní sa chruinne le mórfhlean de chuid Allah srl.
- An Giúdachas – d'fhéadfadh creidmheach ar thóir conas saol suáilceach a chaitheamh a bheith teoraithe ag an teagasc leagtha amach sa Tórá srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

Fianaise ar conas a d'fhéadfadh teagasc i reiligiún amháin dul i bhfeidhm ar fhreagra creidmhigh ar cheist faoi bhrí na beatha	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH fianaise an-mhaith	MAITH fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	Baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – an bealach leagtha amach go cruinn</i>	an bealach leagtha amach go sármhaith	an bealach leagtha amach go han-mhaith	an bealach leagtha amach go maith	an bealach leagtha amach go pointe	is beag a thugtar ó thaobh an bealach a leagadh amach	is fíorbheag a thugtar ó thaobh an bealach a leagadh amach	Is fíorbheag a thugtar/ ní thugtar aon ní ó thaobh an bealach a leagadh amach
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhóir-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhóir-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhóir-earráid(i) le sonrú	mórán móir-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
15 mharc	15 - 14	13 - 11	10 - 8	7	6 - 4	3	2 - 0

(b) Cad atá i gceist le saol maith morálta a chaitheamh?

Tabhair breac-chuntas ar conas a fhreagrófaí an cheist seo ó thaobh dearcadh neamhreiligiúnach.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar chaitheamh saoil mhorálta trí eolas cruinn a leagan amach ar cad atá de dhíth chun saol a chaitheamh de réir cóid nó prionsabail soilíosacha nach bhfuil baint acu le haon chreideamh reiligiúnach m.sh.

- gníomhú ar mhaithe le leas coiteann gach duine sa tsochaí a chaomhnú srl.
- Srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do dhearcadh neamhreiligiúnach.

<i>Fianaise ar cad atá i gceist le saol a chaitheamh de réir cóid nó prionsabail soilíosacha neamhreiligiúnacha.</i>	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH fianaise an-mhaith	MAITH Fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	Baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) - chun eolas cruinn a leagan amach</i>	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is fíorbheag eolas a leagadh amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach /ní leagtar eolas amach
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil / earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil / earráidí substaintiúla ann
15 mharc	15 - 14	13 - 11	10 - 8	7	6 - 4	3	2 - 0

Ceist 7**20 marc (4M x 5)**

- (a) Meaitseáil gach ceann de na creidiúintí reiligiúnacha thíos leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal acu leis ón liosta seo: An Búdachas, an Chríostaíocht, An Hiondúchas, an tIoslam agus an Giúdachas.

Creidiúintí Reiligiúnacha	Reiligiúin
Moksha	
An tAiséirí	
An Conradh	
Na Ceithre Fhírinne Thriathacha	
An Shahada/ Shahadah	

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas ar chreidimh thábhachtacha de mhór-reiligiún domhanda trí gach ceann de na creidimh liostáilte sa cheist a nascadh leis an reiligiún lena shamhlaítear iad thar aon reiligiún eile –

Creidiúintí Reiligiúnacha	Reiligiúin
Moksha	An Hiondúchas
An tAiséirí	An Chríostaíocht
An Conradh	An Giúdachas
Na Ceithre Fhírinne Thriathacha	An Búdachas
An Shahada/ Shahadah	Ioslam

Cód MCx5 san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

(b) Déan cur síos ar shampla den chaoi a n-imríonn creidiúint reiligiúnach tionchar ar ghnáthshaol laethúil na mball i gceann amháin de na reiligiúin seo:

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● An tIoslam ● An Giúdachas

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar chreideamh trí chuntas cruinn a thabhairt faoi conas mar a théann an creideamh i bhfeidhm ar shaol laethúil daoine deabhóideacha in aon cheann de na reiligiúin liostáilte sa cheist m.sh.

- An Búdachas – Cuireann an Cosán faoi Ocht ina luí ar Bhúdaithe beann a bheith acu ar a gcuid focal agus gníomhartha srl.
- An Chríostaíocht – Spreagann creideamh in Aiséirí Íosa Críostaithe chun a theagasc a leanúint ina saol laethúil srl.
- An Hiondúchas - spreagann léirithe éagsúla de Brahman na Hiondúigh chun an puja a dhéanamh go laethúil srl.
- Ioslam – Maidir le conas a mholtar géilleadh do thoil Allah sa Shahada/Shahadah, spreagann sé seo creidmhigh chun guí cúig huaire sa lá srl.
- An Giúdachas – Spreagann an Conradh creidmhigh chun dul i mbun guí trí huaire sa lá, bia kosher a ithe srl.


Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar conas a théann creideamh i bhfeidhm ar shaol laethúil daoine deabhóideacha i reiligiún faoi leith</i>	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH fianaise an-mhaith	MAITH fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – cuntas cruinn a thabhairt</i>	Cuntas sármhaith	Cuntas an-mhaith	cuntas maith	cuntas éigean	is beag an cuntas a thugtar	fíorbheag cuntas	is an-bheag an cuntas a thugtar/ ní thugtar cuntas
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	Mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
14 mharc	14 - 13	12 - 11	10 - 8	7	6 - 4	3	2 - 0

Ceist 8

10 marc

(a)



Meitseáil ceann amháin de na foirgnimh sna pictiúir thuas leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal aige leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas ar ionaid adhartha trí fhoirgneamh amháin a léirítear sa cheist a nascadh leis an reiligiún lena shamhlaítear é thar aon reiligiún eile –

- A Ardeaglais – An Chríostaíocht
- B Mandir – An Hiondúchas
- C Mosc - Ioslam
- D Sionagóg - An Giúdachas
- E Vihara – An Búdachas

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

(b) Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir creidiúint reiligiúnach na mball a fheiceáil i ngné d'fhoirgneamh ina n-adhrann baill de cheann amháin de na reiligiúin seo thíos:

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● An tIoslam ● An Giúdachas

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar áiteanna adhartha trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi a gcuirtear creideamh aon cheann de na reiligiúin liostáilte sa cheist in iúl trí ghné d'fhoirgneamh ina dtagann daoine le chéile chun dul i mbun adhartha m.sh.

- Búdachas – Vihara, léiríonn dealbh an Bhúda meas ar an gcaoi ar bhain an Búda léargas spioradálta amach srl.
- An Chríostaíocht – Eaglais, umar baiste – glacadh isteach sa shaol Críostaí i gcomhréir le saol, bás, agus aiséirí Íosa srl.
- An Hiondúchas – Mandir, clog a bhualadh chun déithe agus bandéithe a agairt srl.
- Ioslam - Mosc, an Minaret - léiríonn gairm chun urnaí cúig huaire sa lá géilleadh na gcreidmheach do thoil Allah srl.
- An Giúdachas – Sionagóg, tugann an Ner Tamid an creideamh le fios go mbíonn Yahweh/YHWH i láthair i gcónaí srl.

Cód MC san imeall ar chlé áit inar léir i dtús báire na Critéir Mharcála i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Fianaise ar conas a chuirtear creideamh in iúl i ngné den fhoirgneamh</i>	SÁRMHAITH fianaise shubstaintiúil	AN-MHAITH fianaise an-mhaith	MAITH fianaise mhaith	RÉASÚNTA fianaise leordhóthanach	LAG fianaise uireasach	– beagán fianaise ar MC	AN-LAG fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint</i>	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	Baint bheag	is beag ábharthacht atá ag baint leis	Gan bhaint
<i>Úsáid scile(anna) – eolas cruinn a leagan amach</i>	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is fíorbheag eolas a leagadh amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
<i>Cruinneas Fíorasach</i>	gan aon mhór-earráid(i)	fíorbheagán fianaise ar earráid(i)	is beag fianaise ar mhór-earráid(i) atá le sonrú	fianaise áirithe ar mhór-earráid(i) le sonrú	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla	Go leor earráid shubstaintiúil/earráid í substaintiúla ann
14 mharc	14 - 13	12 - 11	10 - 8	7	6 - 4	3	2 - 0

Léigh na tuairiscí thíos ó dhaoine a chuireann síos ar a gcúiseanna le cuairt a thabhairt ar abhainn na Gainséise agus freagair an cheist ina ndiaidh.

...

Ón léamh a rinne tú ar na tuairiscí thuas, críochnaigh na habairtí seo thíos agus bain úsáid as na focail ón mbosca a leanas. Tá abairt amháin comhlánaithe mar shampla duit.

